



*Suí iomlánach*

22.3.2019

**A8-0175/2019/err01**

## EARRÁID

i ndáil leis an tuarascáil

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú (COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta  
an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: Bas Eickhout, Sirpa Pietikäinen  
A8-0175/2019

**Déantar Leasú 54 a scríosadh agus déantar leasú 53 a léamh mar a leanas:**

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Airteagal 17

Clásal athbhreithnithe

1. Faoin 31 Nollaig 2021 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas:

(a) an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le

*Leasú*

Airteagal 17

Clásal athbhreithnithe

1. Faoin 31 Nollaig 2021, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm **agus tionchar** an Rialacháin seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas:

(a) an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le

forbairt na gcritéar scagtha teicniúil i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

(b) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo i dtaobh gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

(c) a iomchuí atá sé cur le raon feidhme an Rialacháin seo chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta;

(d) an úsáid a bhaintear as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i ndlí an Aontais, agus ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear a iomchuí atá sé sásra fíoraithe a bhunú maidir le comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Cuirfear an *tuarascáil* chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh an Coimisiún tograí a ghabhann leis nuair is iomchuí.

forbairt na gcritéar scagtha teicniúil ***bunaithe ar tháscairí*** i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

(b) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir ***agus liosta na dtáscairí*** a leagtar amach sa Rialachán seo i dtaobh gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***chun nuálaíocht agus an t-aistriú inbhuanaithe a éascú***;

(c) a iomchuí atá sé cur le raon feidhme an Rialacháin seo chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta;

(d) an úsáid a bhaintear as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***agus ar infheistíochtaí a bhfuil drochthionchar acu ar an gcomhshaol*** i ndlí an Aontais, agus ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear a iomchuí atá sé sásra fíoraithe ***breise a athbhreithniú nó a bhunú maidir le comhlíonadh na gcritéar atá bunaithe ar tháscairí*** a leagtar amach sa Rialachán seo;

***(da) éifeachtacht na tacsanomaíochta i dtaca le hinfeistíochtaí príobháideacha a chur i dtreo gníomhaíochtaí inbhuanaithe.***

***1a. Faoin 31 Nollaig 2021, agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar raon feidhme an Rialacháin seo má chruthaíonn sé ualach riaracháin iomarcach nó mura bhfuil fáil leormhaith ar na sonraí is gá do rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais.***

2. Cuirfear ***na tuarascálacha*** chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh an Coimisiún tograí ***reachtacha*** a ghabhann leo i gcás inarb iomchuí.

*(Baineann sé seo le gach leagan teanga.)*